*Uimhir* 32 *de* 2018

# An tAcht fá Chomhaontú um an gCiste Eorpach Infheistíochta, 2018

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 32 *de* 2018

# AN tACHT FÁ CHOMHAONTÚ UM AN gCISTE EORPACH INFHEISTÍOCHTA, 2018

[*An tiontú oifigiúil*]

## CLÁR AN ÁBHAIR

Alt


1. Míniú

2. Cumhacht d'Airí iomchuí chun comhaontuithe a dhéanamh leis an gCiste Eorpach Infheistíochta

3. Athbhreithniú ar oibriú an Achta

4. Caiteachais

5. Gearrtheideal agus tosach feidhme

*Uimhir* 32 *de* 2018

**AN tACHT FÁ CHOMHAONTÚ UM AN gCISTE EORPACH INFHEISTÍOCHTA, 2018**

[*An tiontú oifigiúil*]

Acht dá chumasú d'Airí áirithe den Rialtas comhaontuithe a dhéanamh leis an gCiste Eorpach Infheistíochta d'fhonn rochtain ar airgeadas i gcomhair fiontair cháilitheacha a éascú; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe a bhaineann leis an méid sin.

[20 *Nollaig* 2018]

**Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:**

**Míniú**

**1.** San Acht seo, ciallaíonn "Aire iomchuí" an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta nó an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara.

**Cumhacht d'Airí iomchuí chun comhaontuithe a dhéanamh leis an gCiste Eorpach Infheistíochta**

**2.** (1) Féadfaidh Aire iomchuí amháin, nó an bheirt Airí iomchuí, le toiliú an Aire Airgeadais agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, aon chomhaontú amháin nó níos mó (a ngairtear "comhaontú" de gach ceann díobh san alt seo) a dhéanamh le CEI d'fhonn rochtain ar airgeadas i gcomhair fiontair cháilitheacha a éascú.

(2) Faoi réir *fho-alt (3)*, beidh comhaontú faoi réir cibé coinníollacha a shonrófar sa chomhaontú agus féadfaidh coinníoll a bheith ann á rá go soláthróidh Aire iomchuí is páirtí sa chomhaontú ranníoc arna ghealladh chun críocha an chomhaontaithe lena mbaineann.

(3) Ní fheidhmeoidh Aire iomchuí na cumhachtaí a thugtar dó nó di le *fo-alt (1)* ar cibé modh a mbeadh de thoradh air gur mhó ná €75 mhilliún comhiomlán an dliteanais i leith ranníocaí arna ngealladh faoi gach comhaontú atá i bhfeidhm de thuras na huaire.

(4) Déanfaidh Aire iomchuí is páirtí i gcomhaontú aon táillí, costais agus caiteachais is iníoctha faoin gcomhaontú a ghlanadh.

(5) San alt seo—

tá le "brainse" an bhrí chéanna atá leis i Rialachán (AE) 651/2014 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2014[1] lena ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach comhoiriúnach

1 IO Uimh. L187, 26.6.2014, lch. 1

leis an margadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh, agus folaíonn sé bunaíocht de réir bhrí an Rialacháin sin;

ciallaíonn "Moladh ón gCoimisiún" Moladh (2003/361/CE) ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003[2] maidir leis an míniú ar mhicrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide;

ciallaíonn "ranníoc arna ghealladh" an méid cistithe arna ghealladh ag Aire iomchuí do CEI faoi chomhaontú;

ciallaíonn "CEI" an comhlacht a bunaíodh in 1994 agus ar a dtugtar an Ciste Eorpach Infheistíochta;

ciallaíonn "fiontar cáilitheach"—

(a) FBM arna bhunú, nó a bhfuil brainse aige, sa Stát, nó

(b) cuideachta lárchaipitlithe bheag arna bunú, nó a bhfuil brainse aici, sa Stát;

ciallaíonn "cuideachta lárchaipitlithe bheag" fiontar de réir bhrí Airteagal 1 de Theideal I den Iarscríbhinn den Mholadh ón gCoimisiún, ar fiontar é—

(a) nach mó ná 499 an líon fostaithe atá aige, arna ríomh de réir Airteagail 3, 4, 5 agus 6 de Theideal I den Iarscríbhinn den Mholadh ón gCoimisiún, agus

(b) nach FBM é;

ciallaíonn "FBM" micrifhiontar, fiontar beag nó fiontar meánmhéide de réir bhrí an Mholta ón gCoimisiún.

**Athbhreithniú ar oibriú an Achta**

**3.** Déanfaidh na hAirí iomchuí, tráth nach déanaí ná 4 bliana tar éis thosach feidhme an ailt seo, athbhreithniú ar oibriú an Achta seo.

**Caiteachais**

**4.** Déanfar na caiteachais a thabhóidh na hAirí iomchuí ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

**Gearrtheideal agus tosach feidhme**

**5.** (1) Féadfar an tAcht fá Chomhaontú um an gCiste Eorpach Infheistíochta, 2018 a ghairm den Acht seo.

(2) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

---

2 IO Uimh. L124, 20.5.2003, lch. 36

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€0.76

Wt. —. 42. 6/22. Essentra. (92935). Gr.30-15.

9 781399 303149